OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Polasaí agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures**

| | |
|---|---|
| **Code** | QA110 |
| **Title** | Polasaí Promhaidh |
| **Policy Owner** | Director of Human Resources |
| **Date** | 9 Bealtaine 2023 |
| **Approved By** | Foireann Bainistíochta na hOllscoile |

**Clár na nÁbhar**


**1.0 Ráiteas Polasaí**
**2.0 Cuspóir**
**3.0 Scóip & Stádas**
**4.0 Róil & Freagrachtaí**
- **4.1 Freagrachtaí an Bhainisteora Líne**
- **4.2 Freagrachtaí an Fhostaí**

**5.0 Tréimhse Phromhaidh**
**6.0 Nós Imeachta**
- **6.1 Próiseas Ginearálta**
- **6.2 Próiseas Ionduchtúcháin**
- **6.3 Próiseas Athbhreithnithe**
- **6.4 Próiseas Athbhreithnithe Deiridh**

**7.0 Freagrachtaí**

## 1. Ráiteas Polasaí

Tá sé mar pholasaí ag Ollscoil na Gaillimhe a chinntiú go dtugtar tacaíocht agus cúnamh do gach fostaí nuacheaptha chun socrú isteach ina ról nua laistigh den Ollscoil.
Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta do chinntiú go n-aithnítear na Rialacháin um Dhálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha 2022 i bPolasaí Promhaidh na hOllscoile. Táthar ag súil go mbeidh an próiseas promhaidh ina phróiseas comhoibríoch idir fostaí agus a b(h)ainisteoir líne, le tacaíocht agus oiliúint ar fáil do gach fostaí nua lena chinntiú go dtugtar tacaíocht dó/di le bheith in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh go cuí.

## 2. Cuspóir an Pholasaí

Is é cuspóir pholasaí promhaidh Ollscoil na Gaillimhe treoir a thabhairt d'fhostaithe agus do bhainisteoirí maidir le cur i bhfeidhm tréimhsí promhaidh d'fhostaithe nua na hOllscoile.

Ciallaíonn tosú in eagraíocht nua deiseanna chomh maith le dúshláin d'fhostaithe nua. Mar sin, is gá iarracht a dhéanamh tacú le fostaithe nua na dualgais riachtanacha a theastaíonn don ról a fhoghlaim agus dul i dtaithí ar thimpeallacht na hOllscoile. Ar an ábhar sin, beidh gach fostaí buan agus sealadach (ar téarma socraithe agus ar conradh sainchuspóra) faoi réir tréimhse phromhaidh thosaigh nuair a thosaíonn sé/sí san Ollscoil. Leagfar amach tréimhse phromhaidh gach fostaí ina c(h)onradh fostaíochta.

Tá sé i gceist gur próiseas comhoibríoch é an próiseas promhaidh a thugann deis chun:

- An fostaí nuacheaptha a chomhtháthú sa ról agus san Ollscoil;
- Deis chothrom a chur ar fáil don Ollscoil feidhmíocht, iompar agus oiriúnacht iomlán an fhostaí don ról a mheas;
- Deis chothrom a chur ar fáil don fhostaí measúnú a dhéanamh ar Chultúr agus ar Luachanna na hOllscoile agus oiriúnacht iomlán dá (h)ionchais; agus
- go ndéanfadh an Bainisteoir Líne, an Ceann Scoile, an Ceann Aonaid, nó an Déan Feidhmiúcháin moladh maidir le hoiriúnacht an fhostaí d'fhostaíocht leanúnach.

Tugann tréimhsí promhaidh am do na páirtithe sa chaidreamh fostaíochta a chinntiú, chomh fada agus is féidir leo, go bhfuil an fostaí agus an ról dá raibh sé/sí fostaithe oiriúnach dá chéile.

## 3. Scóip agus Stádas an Pholasaí

Beidh gach fostaí nua faoi réir tréimhse phromhaidh a leagfar amach ina c(h)onradh fostaíochta. Áirítear leis seo fostaithe acadúla, taighde, tacaíochta agus teicniúla.

Leagann an polasaí seo amach an cur chuige atá beartaithe ag an Ollscoil maidir le tréimhsí promhaidh na bhfostaithe. Tá an polasaí seo mar chuid de chonarthaí fostaíochta na bhfostaithe agus féadfaidh an Ollscoil

na nósanna imeachta atá leagtha amach sa pholasaí seo a leasú, a ghiorrú nó imeacht uathu dá rogha féin má mheasann sí gur gá nó gur cuí sin a dhéanamh.

## 4. Róil agus Freagrachtaí

**4.1 Tá Bainisteoirí Líne e.g., Cinn Aonaid, Cinn Scoile, Déin Feidhmiúcháin freagrach as:**

4.1. 1 A chinntiú go bhfuil gach Fostaí ar an eolas faoin bpolasaí seo;

4.1.2 A chinntiú go bhfuil clár ionduchtúcháin áitiúil i bhfeidhm don Aonad Ollscoile ábhartha agus go bhfreastalaíonn gach fostaí nua air;

4.1.3 A chinntiú go mbíonn na cruinnithe athbhreithnithe ar siúl laistigh de fhrámaí ama na gcruinnithe cuí mar atá leagtha amach sa pholasaí seo;

4.1.4 Cuspóir a róil ar leith a chur in iúl do gach fostaí nua.

**4.2 Ba cheart d'Fhostaithe Nuacheaptha:**

4.2.1 A chinntiú go bhfuil siad eolach ar an bpolasaí promhaidh seo agus go dtuigeann siad é;

4.2.2 A chinntiú go gcloíonn siad le téarmaí an pholasaí seo, sa chás gur cuí;

4.2.3 Aon imní a d'fhéadfadh a bheith orthu socrú isteach i ról nó a ról a chomhlíonadh le linn a dtréimhse phromhaidh a chur in iúl dá mbainisteoir líne/Ceann Scoile a luaithe is féidir;

4.2.4 A chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar gach cruinniú socraithe, mar shampla cruinnithe athbhreithnithe, ionduchtúcháin, agus oiliúint le linn a dtréimhse phromhaidh.

## 5. An Tréimhse Phromhaidh

Leagfar amach fad na tréimhse promhaidh i gconradh fostaíochta an fhostaí.

Beidh tréimhse phromhaidh thosaigh suas le 11 mhí ó dháta tosaithe a bhfostaíochta san Ollscoil ag fostaithe Buana de ghnáth. Meastar go bhfuil an fráma ama seo réasúnach chun dóthain deiseanna a thabhairt dóibh seo a leanas:

- an Ollscoil measúnú tosaigh a dhéanamh ar oiriúnacht fostaí bunaithe ar a f(h)eidhmíocht i ról; agus
- tuiscint iomlán a bheith ag an bhfostaí ar an ról agus ar na freagrachtaí agus na hionchais a ghabhann leis an ról sin.

I gcás fostaithe sealadacha (i.e. fostaithe ar chonarthaí téarma shocraithe nó sainchuspóra), beidh fad na tréimhse promhaidh sin comhréireach le fad ionchasach a gconartha fostaíochta agus le cineál na hoibre. Níor chóir go mbeadh níos mó ná 11 mhí i gceist, áfach.

Déanfaidh an Ollscoil athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar oiriúnacht an fhostaí don fheidhmíocht leanúnach le linn a dtréimhse promhaidh. Seo a leanas an fráma ama le haghaidh cruinnithe athbhreithnithe a reáchtálfaidh an Ollscoil de ghnáth d'fhostaí buan a bhfuil tréimhse phromhaidh 11 mhí aige/aici. Ní chuireann siad seo bac mar sin féin ar chruinniú rialta neamhfhoirmiúil a bheith ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. I gcás fostaithe a bhfuil tréimhsí promhaidh tosaigh níos giorra acu (mar shampla, fostaithe ar chonarthaí téarma shocraithe nó sainchuspóra nuair is gá tréimhse phromhaidh níos giorra a bheith ag baint le fad an chonartha agus nádúr na hoibre), reáchtálfar cruinnithe míosúla athbhreithnithe, agus is é an t-athbhreithniú míosúil deiridh an cruinniú athbhreithnithe deiridh.

| **Fráma ama le haghaidh promhaidh 11 mhí** | **Tasc** |
|---|---|
| **Cruinniú ionduchtaithe chun a bhfuiltear ag súil leis ón sealbhóir poist a leagan amach** | Cruinniú Foirmiúil (foirm Measúnaithe Promhaidh le comhlánú chun na hionchais a leagan amach). |
| **Athbhreithniú Ceithre Mhí** | Cruinniú Athbhreithnithe Foirmiúil (foirm Measúnaithe Promhaidh le comhlánú). |
| **Athbhreithniú deich mí** | Cruinniú Athbhreithnithe Deiridh (foirm Measúnaithe Promhaidh le comhlánú). |

| **Fráma ama le haghaidh promhaidh níos giorra** | **Tasc** |
|---|---|
| **Athbhreithniú Míosúil** | Cruinniú Athbhreithnithe Foirmiúil (foirm Measúnaithe Promhaidh le comhlánú). |
| **Athbhreithniú míosúil deiridh** | Cruinniú Athbhreithnithe Deiridh (foirm Measúnaithe Promhaidh le comhlánú). |

Ba chóir go dtabharfadh an fhoirm measúnaithe promhaidh léiriú fíor agus cruinn ar an méid a pléadh, lena n-áirítear aon saincheisteanna feidhmíochta.

## 6. Nós Imeachta an Pholasaí

### 6.1. Próiseas Ginearálta

Le linn na tréimhse promhaidh, tiocfaidh an Bainisteoir Líne agus an fostaí le chéile ag na tréimhsí sonraithe míosúla chun feidhmíocht agus cumas foriomlán an fhostaí a mheas maidir le cuspóirí na Scoile/an Aonaid agus ról agus freagrachtaí an phoist ar ceapadh an fostaí dó. Tabharfaidh an Bainisteoir Líne aiseolas ar fheidhmíocht an fhostaí agus pléifear a d(h)ul chun cinn; beidh an fostaí in ann aiseolas a thabhairt freisin faoi aon deacrachtaí atá aige/aici a chuireann isteach ar a f(h)eidhmíocht. Beidh deis ag an bhfostaí agus ag an mBainisteoir Líne aon riachtanais tacaíochta agus/nó oiliúna a bhraitheann siad a theastaíonn a aithint agus cuirfear iad seo i bhfeidhm más indéanta le réasún.

Comhaltaí foirne reatha a dtugtar ardú céime dóibh nó a aistrítear go hinmheánach san Ollscoil, nó a bhfuil conarthaí ar cuireadh síneadh ama leis nó conradh athnuaite acu, agus nár chuir a mbuntréimhse phromhaidh i gcrích fós, beidh orthusan a bhfuil fágtha den bhuntréimhse phromhaidh faoin gconradh nua a chur i gcrích.

Féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis an bhfostaíocht le linn na tréimhse promhaidh de réir na dtréimhsí fógra dá bhforáiltear i gconradh an fhostaí. Má tá deireadh le cur leis an bhfostaíocht, cuirfear an cinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh in iúl i scríbhinn don fostaí.

### 6.2. Cruinniú Ionduchtúcháin

Tugann an tréimhse phromhaidh deis do Bhainisteoir Líne/Ceann Scoile an fhostaí feidhmíocht an fhostaí nua agus oiriúnacht dá ról a mheas. Tá sé tábhachtach, nuair a thosaíonn fostaí nua san fhostaíocht, go ndéanfadh an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile agus an fostaí nua na nithe seo a leanas:

1. An tsonraíocht phoist a tugadh don fhostaí a phlé lena chinntiú go dtuigeann an fostaí a ról;
2. Cuspóirí soiléire a leagan síos don fhostaí;
3. Aon riachtanais oiliúna a aithint agus tacaíocht réasúnach chuí a chur ar fáil;
4. A chinntiú go bhfuil ionduchtú leordhóthanach chuig an Scoil/Aonad eagraithe/curtha i bhfeidhm;
5. Na critéir mheasúnaithe a úsáidfear ag cruinnithe na tréimhse promhaidh a shainaithint; agus
6. A chinntiú go bhfuil an fostaí ar an eolas faoin dualgas atá air/uirthi freastal ar oiliúint Ionduchtúcháin na hOllscoile.

Eagróidh an Bainisteoir Líne Ionduchtú áitiúil don aonad nó don scoil, ag cur an fhostaí nua in aithne do na príomhdhaoine sna Scoileanna/Aonaid a mbeidh siad ag obair leo. Ba chóir é seo a chomhlánú laistigh den chéad choicís tar éis an cheapacháin.

### 6.3. Cruinnithe Athbhreithnithe

Tá cumarsáid fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil riachtanach don phróiseas promhaidh. Tá cruinnithe athbhreithnithe foirmiúla idir an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile agus an fostaí leagtha amach sna táblaí thuas.

Is é cuspóir na gcruinnithe seo ná feidhmíocht agus dul chun cinn an fhostaí nua sa ról a mheas. Comhlánóidh an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile an fhoirm Measúnaithe Promhaidh leis an bhfostaí ag an gcruinniú athbhreithnithe. Aithneoidh an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile i gcomhar leis an bhfostaí aon cheisteanna agus aontóidh siad ar na chéad chéimeanna eile de réir mar is gá. Síneoidh an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile agus an fostaí an fhoirm Measúnaithe Promhaidh.

Cuirfidh an Bainisteoir Líne/Ceann Scoile cóip den fhoirm faoi bhráid na hOifige Acmhainní Daonna le coinneáil i gcomhad pearsanra an fhostaí. Ba cheart go bhfaigheadh an fostaí cóip freisin.

Sa chás go n-aithnítear deacrachtaí tromchúiseacha feidhmíochta nó riachtanais forbartha, ba chóir don Bhainisteoir Líne/Ceann Scoile na réimsí imní a chur in iúl don fhostaí, le linn an chruinnithe athbhreithnithe fhoirmiúil (agus nóta de a dhéanamh ar an bhFoirm Measúnaithe Promhaidh) nó, má thagann saincheisteanna chun cinn lasmuigh den phróiseas foirmiúil athbhreithnithe, ba chóir cruinniú a shocrú, agus Plean Feabhsaithe Feidhmíochta a chur le chéile. Ba chóir don Bhainisteoir Líne/Ceann Scoile na réimsí imní a shainaithint, na gníomhartha atá de dhíth a leagan amach go soiléir, an fráma ama agus na hiarmhairtí mura ndéanfaí aon fheabhsú sásúil a d'fhéadfadh deireadh a chur le fostaíocht a chur ar fáil i scríbhinn don fhostaí.

### 6.4. Síneadh ama a chur le Promhadh

Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ón obair ar shaoire reachtúil (mar shampla, saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtaíoch, saoire cúramóra, saoire tuismitheora, nó saoire bhreoiteachta reachtúil) cuirfear síneadh leis an tréimhse phromhaidh faoi fhad a neamhláithreachta.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

### 6.5. Cruinniú Deiridh Athbhreithnithe

Beidh an t-athbhreithniú deiridh ar siúl roimh dheireadh na tréimhse promhaidh. Ba chóir don Bhainisteoir Líne foirm Measúnaithe promhaidh deiridh a chomhlánú agus ansin ba chóir dó/di cóip den Fhoirm Taifid Cruinnithe chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an Oifig AD (Acmhainní Daonna)/Comhpháirtí Gnó AD agus Bainisteoirí Sinsearacha nó Stiúrthóir AD agus cóip a sholáthar don fhostaí.

Beidh taifead sa tuarascáil deiridh ar aon ghníomhartha arna gcinneadh ag an Ollscoil ag éirí as an gcruinniú athbhreithnithe deiridh. Tá dhá thoradh fhéideartha ó chruinniú athbhreithnithe deiridh:

- Féadfar ceapachán an fhostaí a dheimhniú, agus sa chás sin cuirfear in iúl dó/di gur éirigh leo sa phromhadh; nó
- Féadfar ceapachán an fhostaí a fhoirceannadh trí cibé fógra a thabhairt dá bhforáiltear ina c(h)onradh fostaíochta.

Nuair a fhaightear Taifead an Chruinnithe Athbhreithnithe Deiridh ón mBainisteoir Líne/Ceann Scoile cuirfidh an Stiúrthóir AD an toradh in iúl i litir a léireoidh moladh an Bhainisteora Líne/an Chinn Scoile.

Cuirfear cóip den litir ón Stiúrthóir Acmhainní Daonna freisin i gcomhad an fhostaí agus déanfar CORE a nuashonrú chun toradh an chruinnithe athbhreithnithe deiridh a thaispeáint, is é sin gur éirigh leis an bpromhadh nó nár éirigh.

## 7. Freagrachtaí

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| An Stiúrthóir Acmhainní Daonna | Úinéir an Pholasaí |
| Ball UMT | Freagrach as an bpolasaí a scaipeadh ina réimse |
| An Ceann Scoile/Aonaid | Cruinnithe athbhreithnithe Ionduchtúcháin agus Promhaidh áitiúla |
| Comhpháirtí Gnó AD, Bainisteoir Caidrimh Fostaithe, Bainisteoir Sinsearach AD | Comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir leis an bpolasaí |
| Acmhainní Daonna | Nuair a fhaightear cóip den Fhoirm Taifid Cruinnithe chomhlánaithe, nuashonraigh CORE agus iarr ar an Stiúrthóir AD litir dheimhnithe a eisiúint. |